CINNEADH (AE) 2023/1576 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2023

lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ([1]) agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I litir dar dáta an 27 Márta 2023, thug Éire fógra gur mian léi, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal (Uimh. 21), glacadh le Rialachán (AE) 2021/2303 agus gur mian léi a bheith faoi cheangal aige.

(2) Soláthraíonn gach Ballstát atá rannpháirteach i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) líon áirithe saineolaithe don díorma cúltaca um thearmann dá dtagraítear in Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) 2021/2303. Chun go bhféadfaidh Éire a bheith rannpháirteach i Rialachán (AE) 2021/2303, is gá a leagan amach, mar choinníoll sonrach atá le comhlíonadh ag Éirinn, gur cheart d'Éirinn líon sonrach saineolaithe a sholáthar don díorma cúltaca um thearmann. Toisc gur ghlac Éire leis go soláthróidh sí líon sonrach saineolaithe don díorma cúltaca um thearmann, ar an gcaoi chéanna ar ghlac na Ballstáit atá rannpháirteach in EUAA cheana féin leis sin a dhéanamh, tá na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na hÉireann comhlíonta, agus ba cheart a rannpháirtíocht i Rialachán (AE) 2021/2303 a dheimhniú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 331(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) Ba cheart d'Éirinn an líon sonrach saineolaithe a sholáthar don díorma cúltaca um thearmann dá dtagraítear in Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) 2021/2303 go dtí go leasófar Rialachán (AE) 2021/2303 maidir leis an díorma cúltaca um thearmann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Tá rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/2303 deimhnithe.

2. Cuirfidh Éire ochtar saineolaithe ar fáil don díorma cúltaca um thearmann dá dtagraítear in Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) 2021/2303.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 468, 30.12.2021, lch. 1.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN